Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10639/26**

**ENT 155**
**MI 651**
**IND 422**
**COMPET 783**
**TRANS 427**
**SAN 488**
**ENV 750**
**DELACT 102**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3151 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 9.6.2026<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiolraitheoirí marthanachta a leagan amach le haghaidh truailleáin ghásacha ó fheithiclí tromshaothair de chatagóirí M3, N2 agus N3 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3151 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3151 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2026
C(2026) 3151 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiolraitheoirí marthanachta a leagan amach le haghaidh truailleáin ghásacha ó fheithiclí tromshaothair de chatagóirí $M_3$, $N_2$ agus $N_3$**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán seo, leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 chun an dul chun cinn teicniúil is déanaí a chur san áireamh, agus bunaithe ar shonraí a bailíodh le linn tástáil a dhéanamh ar astaíochtaí sceite feithiclí de chatagóirí $N_2$, $M_3$ agus $N_3$, agus ar thuarascáil maidir le marthanacht feithiclí tromshaothair arna cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle[1].

Moltar sa tuarascáil iolraitheoirí marthanachta le haghaidh feithiclí tromshaothair Euro 7, bunaithe ar thuarascáil theicniúil[2] ina ndéantar anailís ar mharthanacht feithiclí tromshaothair bunaithe ar na sonraí atá ar fáil maidir le meathlú fheidhmíocht astaíochtaí fheithiclí Euro VI. Déantar breithniú sa mheasúnú ar fhaisnéis faoi astaíochtaí, ar an gcéad dul síos, le haghaidh feithiclí de chatagóirí $N_2$ agus $N_3$ suas le huasmhais 16 t agus feithiclí de chatagóir $M_3$ suas le huasmhais 7,5 t, agus, ar an dara dul síos, le haghaidh feithiclí de chatagóir $N_3$ ag a bhfuil uasmhais atá níos airde ná 16 t agus de chatagóir $M_3$ ag a bhfuil uasmhais atá níos airde ná 7,5 t. Déantar breithniú ann comhpháirteanna éagsúla astaíochtaí, lena n-áirítear $NO_x$, arb í an chomhpháirt astaíochta is criticiúla i ndáil le meathlú feidhmíochta astaíochtaí thar an tsaolré. Ar bhonn na faisnéise sin, moltar sa tuarascáil iolraitheoir marthanachta de 1,2 atá i gcomhréir leis an iolraitheoir marthanachta le haghaidh feithiclí saothair éadroim. Meastar go mbeidh feidhmíocht níos fearr ag feithiclí tromshaothair Euro 7 ná ag feithiclí tromshaothair Euro VI i dtéarmaí meathlaithe, toisc go bhfuil teicneolaíocht níos nuaí feistithe orthu.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Agus an gníomh seo á ullmhú, rinne an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit i gcruinniú den Mheitheal um Mótarfheithiclí a tionóladh an 25 Márta 2026, agus inar tacaíodh go ginearálta leis an dréacht. D’fhormhuinigh ionadaithe na mBallstát an dréachtghníomh le linn chruinniú Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát - Mótarfheithiclí a tionóladh an 28 Aibreán 2026.

I gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr, foilsíodh an gníomh tarmligthe ar an tairseach ‘Cloisimis uait’ ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine idir an 24 Feabhra 2026 agus an 24 Márta 2026. Thug 4 pháirtí leasmhara aiseolas ar an iomlán. Bhreithnigh an Coimisiún go cúramach na barúlacha uile a fuarthas agus thug sé dá aire iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é Airteagal 15(1)(f) de Rialachán (AE) 2024/1257 an bunús dlí atá leis an ngníomh tarmligthe seo.

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an measúnú ar fheidhmíocht mharthanachta feithiclí tromshaothair maidir le hastaíochtaí, COM/2026/108 final.

2 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, Plakolmer, B., Hausberger, S. agus Weller, K., *Durability of Euro 7 heavy-duty vehicle emissions – Technical report – LOT2* [Marthanacht astaíochtaí fheithiclí tromshaothair Euro 7 – Tuarascáil theicniúil – LOT2], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2873/7305552

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiolraitheoirí marthanachta a leagan amach le haghaidh truailleáin ghásacha ó fheithiclí tromshaothair de chatagóirí $M_3$, $N_2$ agus $N_3$**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, i ndáil lena n-astaíochtaí agus le marthanacht a gceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún[1], agus go háirithe Airteagal 15(1), pointe (f), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1257, ceanglaítear ar fheithiclí na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach ann a urramú ní hamháin le linn na príomh-shaolré, ach le linn na tréimhse saolré breise a mhaireann ar feadh tréimhse 25 % thar phríomh-shaolré na feithicle freisin. I gcás na saolré breise sin, leagtar amach iolraitheoirí marthanachta i dTábla 2 d’Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2024/1257 chun meathlú na gcóras laghdaithe astaíochtaí tar éis na príomhthréimhse saolré a chur san áireamh. Chun soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh monaróirí feithiclí roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán(AE) 2024/1257 a mhéid a bhaineann le feithiclí tromshaothair de chatagóirí $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, is gá iolraitheoirí marthanachta a leagan amach le haghaidh truailleáin ghásacha ó fheithiclí tromshaothair de chatagóirí $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ i dTábla 2 d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán(AE) 2024/1257.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2024/1257, d’ullmhaigh an Coimisiún tuarascáil ina ndéantar measúnú ar fheidhmíocht mharthanachta feithiclí tromshaothair a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí[2] agus chuir sé an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

1 IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj.

2 An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, Plakolmer, B., Hausberger, S. agus Weller, K., *Durability of Euro 7 heavy-duty vehicle emissions – Technical report – LOT2* [Marthanacht astaíochtaí

(3) I gcás (i) feithiclí de chatagóirí $N_2$ agus $N_3$ suas le huasmhais 16 t agus de chatagóir $M_3$ suas le huasmhais 7,5 t agus (ii) feithiclí de chatagóir $N_3$ ag a bhfuil uasmhais atá níos airde ná 16 t agus de chatagóir $_3$ ag a bhfuil uasmhais atá níos airde ná 7,5 t, léiríodh sa mheasúnú sin gnáthluach iolraitheora marthanachta de 1,2 le haghaidh innill díosail ag a bhfuil caighdeán astaíochta Euro VI céimeanna D agus E. Ar bhonn an mheasúnaithe theicniúil sin, agus ós rud é gurb iad sin, ó thaobh na teicneolaíochta de, na hinnill is inchomparáide le hinnill Euro 7, is iomchuí iolraitheoirí marthanachta de 1,2 a leagan amach le haghaidh truailleáin ghásacha ó fheithiclí tromshaothair Euro 7 de chatagóirí $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, agus na luachanna sin á n-ailíniú leis na ceanglais le haghaidh feithiclí de chatagóirí $M_1$, $N_1$ agus $M_2$.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán(AE) 2024/1257 a leasú dá réir sin i dTábla 2 d'Iarscríbhinn IV.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

fheithiclí tromshaothair Euro 7 – Tuarascáil theicniúil – LOT2], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2873/7305552